# *Paróiste an Fheirtéaraigh*

*Paróiste Dhún Chaoin, Paróiste Dhún Urlann, Paróiste Mhárthain,*
*Paróiste na Cille, Paróiste Mórdhach*

**Fógraí na Seachtaine 23 - 29 Bealtaine 2026**

Ar dualgas do Limistéar Tréadach Chorca Dhuibhne an Domhnach seo – An tAthair Eamon Mulvhill 066-7139145.

**Séipéal Naomh Gobnait, Dé Domhnaigh, 24 Bealtaine ar a 9.00rn**
**Intinn:** Aogán Ó Muircheartaigh, An Cheathrú, 1ú C.B.
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 24 Bealtaine ar a 11.00rn**
**Intinn:** **1.** Peig Uí Shúilleabháin, Baile an Éanaigh, C.M.
**2.** Micheál Ó Dubshláine, An Ghráig, 20ú C.B.
**(Aifreann beo ar Raidió na Gaeltachta)**

**Séipéal na Carraige**
**Dé hAoine, 29 Bealtaine ar a 6.00in**
**Intinn:** Seán Máirtín Bácaéir, Coimín, C.B.
**Dé Sathairn, 30 Bealtaine ar a 7.30in**
**Intinn:** **1.** Máire Uí Bheaglaoi, Baile an Mhordhaigh, C.M.
**2.** Nell Uí Mhuirthile, Cill Chúile, agus a fear céile, Tomás agus Martin agus Michael, agus Muintir Mhuirthile agus Muintir Shé, CB
**Séipéal Naomh Uinseann, Dé Domhnaigh, 31 Bealtaine ar a 10.00rn**
**Intinn:** Hugh agus Molly Uí Churráin, Baile an Rannaigh, C.B.
agus a muintir atá ar shlí na fírinne.



**Aifrinntí i rith na seachtaine**
**Séipéal Naomh Uinseann**
Dé Luain 9.30rn, Déardaoin 9.30rn, Dé hAoine 7.00in
**Séipéal na Carraige**
Dé Máirt 9.30rn, Dé hAoine **6.00in**

Tá **gléas Buail agus Tabhair** i Séipéal Naomh Uinseann anois, is féidir airgead a thabhairt don bparóiste le do chárta bainc. €2, €5, €10, nó €20 ann.


Tugann **Chime** tacaíocht do dhaoine go bhfuil an éisteacht ag teip nó teipithe orthu. Beidh clinic saor in aisce acu i Halla na Measarachta, Príomh Shráid sa Daingean, Déardaoin, 28 Bealtaine, idir 12.00 – 2.00in. Glaoigh ar Jerry 087-3747327 chun coine a dhéanamh.

## Comhghairdeas

Comhghairdeas leis na leanaí ó Scoil an Fheirtéaraigh, Scoil Naomh Eirc agus Scoil Mhaolchéadair a ghlac an Chéad Chomaoineach an deireadh seachtaine seo caite agus le leanaí Scoil Naomh Gobnait a ghlac an Chéad Chomaoineach ar an 10 Bealtaine. Buíochas le gach uile dhuine a chabhraigh leo ullmhú don lá mór seo.

***An Eocairist an bóthar mór leathan agamsa go Flaithis Dé* – Carlo Acutis**

**Padre Pio: Aifreann Cuimhneacháin, Dé hAoine, 29 Bealtaine**



Beidh Aifreann i gcuimhne ar bhreithlá Padre Pio a saolaíodh i bPietercina na hIodáile, 25 Bealtaine 1887. Beidh an tAifreann i Séipéal Naomh Uinseann, **Dé hAoine, 29 Bealtaine ag 7.00in**. Adhradh ag tosnú ar a 6.00in. Beidh beannú le mitín a chaith Padre Pio. Paidreacha speisialta do scoláirí ag déanamh scrúdaithe. *Bígí ag guíochtaint le dóchas agus ná bí buartha. Rud gan tairfe an bhuairt. Tá Dia trócaireach agus cloisfidh sé d'urnaí.* *(Mana a bhí ag Padre Pio)*

**Oilithreacht** go Avellino, San Giovanni Rotondo agus Pompeii, **25 Lúnasa – 1 MeánFómhair.** Stiúrthóir Spioradálta - An tAthair Eoghan. Gach Eolas ó Ann Fehan 087-2738103.

**Fuinneog Daite i Séipéal na Carraige**

Tá athchoiriú ár dhéanamh ar an bhfuinneog daite (Muire na Síor Chabhrach) ar bhinn Shéipéal na Carraige faoi láthair. Cosnóidh an togra seo agus an obair a bhaineann leis timpeall €25,000. Má tá éinne sásta cabhrú bheimís buíoch as síntiúis.

**Féile Cheoil an tSamhraidh (28 Bealtaine – 1 Meitheamh)**
Mar chuid don bhféile beidh ceolchoirm ag Cór agus Ceolfhoireann Nua-Cheoil an Daingin i Séipéal Naomh Uinseann, Déardaoin, 28 Bealtaine ar a 8.00in. Beidh Cór Dhuibhne agus Cór Dhún Chaoin ag canadh ag Aifreann Bigile i Séipéal na Carraige, Dé Sathairn, 30 Bealtaine ar a 7.30in. Clár iomlán: www.feilecheoilantsamhraidh.ie.

**Sollúin na Cincíse - Paidir don Spiorad Naomh**



Tar a Spioraid Naoimh, lion croí na bhfíréan
Agus adhain iontu lasair do ghrá.
Cuir uait do Spiorad agus cruthófar iad
Agus déanfaidh tú aghaidh na talon a athnuachan.

A Dhia, theagasc tú croí na
gcreidmheach le lonradh an Spiorad Naoimh.
Tabhair dúinn bua na fíorthuisceana tríd an
Spiorad céanna agus lúcháir bhuan
de bharr a shóláis. Sin é ár nguí chugat
trí Chríost ár dTiarna. Amen.

**Cúrsa Ealaíne do thosaitheoirí agus meánleibhéal. Cuirtear gach ábhar ar fáil. Gach eolas 086-7035677 nó infodingleartschool@gmail.com nó www.dingleartschool.ie.**

**Féile Mhuire Máthair na hEaglaise**
Thug an Pápa Proinsias treoir sa bhliain 2018 go mbeadh an fhéile seo á cheiliúradh san Eaglais as seo amach, ar an Luan tar éis Domhnach Cincíse. I mbliana beidh an fhéile á chomóradh ar an Luan, 25 Bealtaine. Bronn an Pápa Pól VI Beannaithe, an teideal Máthair na hEaglaise ar an Mhaighdean Bheannaithe sa bhliain 1964. '*Deonaigh go mbeidh an Mhaighdean Bheannaithe os comhair a súl ag d'Eaglais, le go mbeadh sí ar lasadh le dúthracht chreidimh ... agus neartaithe le dóchas na glóire le teacht*'.
(Díolaim d'Aifrinn na Maighdine Beannaithe Muire)

**En Ego - Paidir tar éis Comaoineach**
A Íosa rómhaith, rómhilis, féach mise ar mo ghlúine os do chomhair, ag impí agus ag iarraidh ort le mórdhíograis m'anama go mba dheoin leat an creideamh agus an dóchas agus an charthanacht a chruthú go beomhar in mo chroí, mar aon le fíorspiorad na haithrí faoi mo pheacaí, agus rún ródhaingean mo bheatha a leasú, agus mé, le dianghrá anama agus le hatuirse chroí, ag cuimhneamh agus ag machnamh ar do chúig créachta, agus an focal úd os comhair mo shúl a labhair Dáiví fáidh fadó thar do cheannsa, a Íosa mhaith: '*Tholladar mo lámha agus mo chosa, chomhair siad mo chnámha go léir*.'

**Grúpa WhatsApp don bParóiste**
Is féidir baill eolas a fháil maidir le Aifrinntí agus ócáidí eile. Eolas óThigh na Sagart 066-9156131 nó cuir r-phost go oifig@yahoo.ie, le d'ainm agus uimhir do guthán póca.

**Ciste an Pharóiste €605.00**
Más mian leat tacú le Ciste an Pharóiste is féidir leat do shíntúis a chur i gCúntas Pharóiste an Fheirtéaraigh, Banc AIB, Príomhshráid, An Daingean –
**IBAN: IE40 AIBK 93628602 090140 (BIC: AIBKIE2D).** Bíonn cuimhneamh speisialta oraibh i gcaitheamh na bliana.
**Más mian leat clarú do na clúdaigh, cuir glaoch ar Thigh na Sagart 9156131. Go gCuití Dia go fial libh.**

**Fógraí go Tigh na Sagart, roimh 10.30 r.n. Déardaoin, le bhur dtoil:**
Fón: 066-9156131 r-phost: oifig@yahoo.ie